# An Clár um Dhíolúine Cairtéil

*Arna thabhairt isteach an 20ú Nollaig 2001*

## RÁITEAS TOSAIGH

Tugann an fógra seo imlíne ar an bpolasaí agus na nósanna imeachta a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar dhíolúine ó ionchúiseamh i gcionta coiriúla faoi na hAchtanna Iomaíochta, 1991 agus 1996.

Tá dul sa tóir ar chairtéil aitheanta mar ard-tosaíocht ag an Údarás Iomaíochta (an tÚdarás). Bíonn iompar cairtéil beagnach i gcónaí dochrach do thomhaltóirí mar gurb é an toradh a bhíonn air go gcaitheann siad níos mó a íoc ná ba chóir dóibh ar earraí agus seirbhísí. Baineann uisce faoi thalamh le cairtéil de réir a nádúir. Bíonn na rannpháirtithe rúnmhar agus tá de cháil ar chairtéil lárnacha go bhfuil sé deacair iad a bhrath agus iad a ionchúiseamh go rathúil. Spreagann an clár seo féin-tuairisciú ó chiontóiri faoi chairtéil mhídhleathacha chomh luath agus is féidir.

Soiléiríonn an fógra seo polasaí an Údaráis agus an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i mbreithniú na n-iarratas ar dhíolúine i gcásanna féin-tuairiscithe den sórt sin. Tugann sé imlíne chomh maith ar an bpróiseas trína gcaithfidh páirtithe comhoibriú le bheith incháilithe do dhíolúine.

Tháinig an Clár seo i bhfeidhm an 20ú Nollaig 2001.

## CLÁR


A. Réamhrá

B. Róil an Údaráis agus an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nuair a dhéantar iarratas ar Dhíolúine

C. Díolúine a Fháil

D. Tionchar Díolúine Corparáidí ar Stiúrthóirí, Oifigigh agus Fostaithe

E. An Próiseas Díolúine

F. Mainneachtain Ceanglais an Chomhaontaithe a Chomhlíonadh

G. Faisnéis a Nochtadh

## A. RÉAMHRÁ

1. Bunaíonn na hAchtanna Iomaíochta, 1991 agus 1996 (na hAchtanna Iomaíochta) na rialacha do sheoladh gnó in Éirinn. Toirmisceann na hAchtanna aon chomhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe frith-iomaíocha mar aon le mí-úsáid ceannasachta. Is iad na cineálacha comhaontuithe frith-iomaíocha is tromchúisí ná socrú praghsanna, cóiriú tairiscintí agus roinnt margaidh ag iomaitheoirí - a ndéantar cur síos go ginearálta air mar ghníomhaíocht chairtéil.

2. Chun críocha an fhógra seo, is é an bhrí atá leis an téarma *gnóthas* an sainmhíniú atá air in alt 3 den Acht Iomaíochta, 1991.

3. Bhunaigh na hAchtanna Iomaíochta an tÚdarás mar chomhlacht neamhspleách freagrach as riaradh agus forghníomhú na nAchtanna, agus thug an chumhacht dó imscrúduithe a dhéanamh. Chruthaigh Acht 1996 forálacha coiriúla agus sibhialta a thoirmisceann, i measc nithe eile, comhaontuithe socruithe praghasanna comhthreomhara agus "cóiriú tairiscintí". Tá pionóis de suas le dhá bhliain príosúnachta (do dhaoine aonair) agus fineálacha de suas le £3mhilliun nó 10% den láimhdeachas (cibé cé acu is mó) do dhaoine aonair agus do ghnóthais ag gabháil leis na forálacha coiriúla.

4. Sa chás go sáraítear na hAchtanna, is é cuspóir an Údaráis an t-iompar frith-iomaíoch a imscrúdú, na gnóthais agus na daoine aonair a bhíonn freagrach a ionchúiseamh, agus cionta comhchosúla a chosc. Aithníonn an tÚdarás tábhacht na gclár a chuireann le brath, imscrúdú agus ionchúiseamh na gcairtéal. Tugann an fógra seo mionsonraí de chur chuige an Údaráis agus an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun díolúine a dheonú do chiontóir a sháraíonn na hAchtanna Iomaíochta, ach fós a thagann chun cinn agus a thugann faisnéis go saorálach don Údarás as a leanann brath agus ionchúiseamh ciontóirí eile nach mbraithfí ar shlí eile. Caithfidh go mbíonn beirt comhcheilgeoirí ar a laghad i gcairtéal. Dheonófaí díolúine do chomhcheilgeoir amháin chun an comhcheilgeoir eile a thabhairt faoi réim an cheartais.

5. Ní thugann an fógra seo comhairle dhlíthiúil. Ba chóir do na léitheoirí tagairt do na hAchtanna agus comhairle dhlíthiúil neamhspleách a fháil nuair a thagann ceisteanna dlí chun cinn nó má bhíonn staid ar leithligh ina chúis imní.

6. Ní bheidh tionchar ag aon rud sa chlár seo ar rogh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i bhfeidhmiú a chuid feidhmeanna.

7. San fhógra seo, tagraíonn an téarma díolúine do dhíolúine iomlán ó ionchúiseamh i gcásanna coiriúla faoi na hAchtanna Iomaíochta a dheonú.

8. Féadfaidh aon duine nó gnóthas a mbíonn baint aige le gníomhaíocht a sháraíonn na hAchtanna Iomaíochta tairiscint a dhéanamh comhoibriú leis an Údarás agus díolúine a iarraidh. Féadfaidh gníomhas freisin roghnú iarratas a thionscnamh thar ceann a fhostaithe lena n-áirítear a stiúrthóirí agus oifigigh. Féadfaidh fostaithe nach stiúrthóirí nó oifigigh de ghnóthas corparáideach iad dul chuig an Údarás thar a gceann féin.

## B. RÓIL AN ÚDARÁIS AGUS AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ NUAIR A DHÉANTAR IARRATAS AR DHÍOLÚINE

9. Imscrúdaíonn an tÚdarás sáruithe líomhnaithe ar Achtanna na gCuideachtaí. Is ar an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí amháin atá an fhreagracht cionta ar díotáil a ionchúiseamh.

10. Ba chóir iarratais ar dhíolúine a dhéanamh chuig an Údarás. Is é an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí amháin a fhéadfaidh díolúine a dheonú. Faoi réir ag na ceanglais atá leagtha amach thíos, déanfaidh an tÚdarás moladh don Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun díolúine a dheonú.

## C. DÍOLÚINE A FHÁIL

11. Spreagann an tÚdarás páirtithe (a d'fhéadfadh gnóthais chorparáideacha, comhpháirtíochtaí agus daoine aonair a chur san áireamh) teacht chun cinn chomh luath agus is féidir.

12. Faoi réir ag na ceanglais atá leagtha amach thíos, molfaidh an tÚdarás díolúine don Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí más é an t-iarratasóir is túisce a thagann chun cinn sula mbíonn dóthain fianaise bailithe ag an Údarás a thugann údar ceart comhad imscrúdaithe comhlánaithe a tharchur chuig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

**Na ceanglais:**

13. Caithfidh an t-iarratasóir céimeanna éifeachtacha a ghlacadh, a chomhaontófar leis an Údarás, chun deireadh a chur le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht mhídhleathach.

14. Ní fhéadfaidh an t-iarratasóir aon rud a dhéanamh chun iar-chomhaltaí a chur ar an eolas go bhfuil iarratas déanta aige nó aici ar dhíolúine faoin gclár seo.

15. Ní fhéadfaidh an t-iarratasóir, lena n-áirítear a chuid nó a cuid fostaithe iomchuí i láthair na huaire nó san am a caitheadh, brú a bheith curtha aige nó aici ar pháirtí eile a bheith rannpháirteach sa ghníomhaíocht mhídhleathach agus ní fhéadfaidh gur ghníomhaigh sé nó sí mar thionscantóir nó go raibh ról ceannasach aige nó aici sa ghníomhaíocht mhídhleathach. Caithfidh go mbeidh ar chumas an iarratasóra sin a thaispeáint chun sástachta an Údaráis.

16. Le linn imscrúdú an Údaráis agus le linn aon ionchúisimh ina dhiaidh sin, caithfidh an t-iarratasóir comhoibriú iomlán agus tráthúil a sholáthar. Go háirithe, caithfidh an t-iarratasóir:

    a) Aon chionta faoi na hAchtanna Iomaíochta, agus gach ceann díobh, a bhféadfadh sé nó sí a bheith páirteach ann a nochtadh;

    b) Nochtadh iomlán, macánta agus fírinneach a sholáthar den fhianaise agus den eolas ar fad ar fios dó nó di, nó atá ar fáil dó nó di, nó atá faoina rialú, lena n-áirítear gach

taifead doiciméadach agus eile, cibé áit a bhfuil siad suite, a bhaineann leis na cionta faoi imscrúdú gan aon mhífhaisnéis a dhéanamh ar aon fhíoras ábhartha; agus

c) Comhoibriú go hiomlán, ar bhonn leanúnach, gan mhoill agus ar a chostas nó a costas féin i rith an imscrúdaithe agus le haon ionchúisimh ina dhiaidh sin.

17. I gcás ghnóthais chorparáidigh, caithfidh gur gníomh corparáideach a bheidh san iarratas ar dhíolúine. Cé go mbreithneofar iarratais ó stiúrthóirí agus fostaithe aonair ní mheasfar iad a bheith déanta thar ceann an ghnóthais murar ann do ghníomh corparáideach. Caithfidh gnóthais chorparáideacha gach beart dlíthiúil a ghlacadh chun comhoibriú leanúnach a stiúrthóirí, oifigeach agus fostaithe a chothú do thréimhse an imscrúdaithe agus aon ionchúisimh ina dhiaidh sin.

18. Má mhainníonn an chéad iarratasóir ar iarraidh díolúine na ceanglais sin a chomhlíonadh, is féidir iarratasóir ina dhiaidh sin a chomhlíonann na ceanglais sin a mheas do dhíolúine.

## D. TIONCHAR DÍOLUINE CORPARÁIDÍ AR STIÚRTHÓIRÍ, OIFIGIGH AGUS FOSTAITHE

19. Má cháilíonn gníomhas corparáideach do mholadh ar dhíolúine iomlán, cáileoidh gach stiúrthóir, oifigeach agus fostaí, i láthair na huaire agus san am a caitheadh, agus a admhaíonn a rannpháirtíocht i gcairtéal mar chuid den admháil chorparáideach agus a dhéanann de réir Mír 16 (a) go dtí (c) freisin.

20. Breithneofar iarratais ar dhíolúine do dhuine aonair a bhíonn fostaithe ag gníomhas a bhí páirteach i gcairtéal, fiú i gcás na ndéanann an gníomhas fostóra iarratas nó nach gcomhoibríonn ar shlí eile faoin gclár seo.

## E. AN PRÓISEAS DÍOLÚINE

### Céim 1: Teagmháil Tosaigh

21. Caithfear iarratais ar dhíolúine a dhéanamh chuig oifigeach ainmnithe go huathúil san Údarás a gheobhaidh gach iarratas ar dhíolúine. Caithfear an teagmháil leis an oifigeach ainmnithe a dhéanamh i bpearsan nó ar an teileafón. Beidh iarratais a dhéanfar chuig aon duine nó comhlacht eile nach é an oifigeach ainmnithe chun na críche sin de thuras na huaire é neamhbhailí. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oifigeach ainmnithe ag an Údarás Iomaíochta ag an uimhir theileafóin 087 763 1378 idir na tráthanna 10am agus 4pm Luan go hAoine, seachas laethanta saoire poiblí nó laethanta saoire bainc.

22. Ba chóir don iarratasóir achoimre d'fhíorais an cháis a chur i láthair oifigeach ainmnithe an Údaráis. Féadfaidh an t-iarratasóir an cás a chur i láthair i dtosach báire trína chomhairleoirí dlíthiúla féin i dtéarmaí hipitéiseacha chun rúndacht a chosaint.

23. Cuirfear iarratais ar dhíolúine i scuaine agus déileálfar leo in ord a bhfaighte. Beidh cead ag iarratasóir "marcaire" a suíomh le hoifigeach ainmnithe do thréimhse a chinnfidh an t-

oifigeach ainmnithe chun áit an iarratasóra sa scuaine do dhíolúine a choinneáil go dtí tráth den sórt sin go mbeidh ar chumas an iarratasóra a iarratas ar dhíolúine a chríochnú.

24. Ní ghlacfar le comh-iarratais ar dhíolúine ag beirt chomhcheilgeoirí nó níos mó agus measfar iad a bheith neamhbhailí.

**Céim 2: Urrús Cáilithe Díolúine**

25. Má chinneann iarratasóir leanúint ar aghaidh le hiarratas díolúine, caithfear tuairisc den ghníomhaireacht mhídhleathach a thabhairt don Údarás, a bheidh i dtuairim an Údaráis leordhóthanach dá chríocha. Má bhíonn an tÚdarás den tuairim go bhfuil an cás laistigh den chlár seo, ansin tarchuirfidh an tÚdarás an t-ábhar chuig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ag lorg comhaontú cáilithe i scríbhinn díolúine a dheonú ón Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

**Céim 3: Nochtadh Iomlán Faisnéise**

26. Nuair a gheobhaidh an t-iarratasóir comhaontú cáilithe i scríbhinn chun díolúine ón Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a dheonú, caithfear an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an tÚdarás a chur ar an eolas le mionsonraí dóthanacha agus le cinnteacht cén fhianaise a sholáthróidh an t-iarratasóir. Bíonn gá le nochtadh iomlán faisnéise ag an staid seo agus seolfar é leis an tuiscint nach mbainfidh an tÚdarás ná an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí úsáid as an bhfaisnéis in aghaidh an iarratasóra, sin mura mbíonn mainneachtain ann comhlíonadh, mar a thuairiscítear i gCuid F, thíos.

27. Déanfaidh an t-iarratasóir nochtadh iomlán faisnéise tar éis a phribhléid dhlíthiúil in aghaidh féin-ionchoirithe a bheith meabhraithe don iarratasóir. Cinnteoidh sé sin dá mainneodh an t-iarratasóir ina dhiaidh sin téarmaí an chomhaontaithe díolúine a chomhlíonadh, go bhféadfadh an tÚdarás ansin i leanúint dá chuid imscrúduithe úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a thug an t-iarratasóir faoin nochtadh iomlán faisnéise.

**Céim 4: Comhaontú Díolúine**

28. Ó bhíonn téarmaí an urrúis cháilithe comhlíonta, déanfaidh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí comhaontú díolúine ina n-áireofar gach oibleagáid leanúnach mar a thuairiscítear i mír 16, thuas.

## F. MAINNEACHTAIN CEANGLAIS AN CHOMHAONTAITHE A CHOMHLÍONADH

29. Má mhainnítear aon cheann de na ceanglais atá leagtha amach sa chlár seo a chomhlíonadh d'fhéadfadh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an comhaontú díolúine arna dhéanamh leis an iarratasóir a aisghairm. Leanfaidh an tÚdarás ansin lena imscrúdú agus cuirfidh an t-iarratasóir a mhainnigh a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gcomhaontú san áireamh san imscrúdú.

30. Gan dochar do ghinearáltacht a bhfuil thuas, áirítear ar mhainneachtain na ceanglais faoin gcomhaontú seo a chomhlíonadh mainneachtain de chuid an ghnóthais comhoibriú iomlán agus tráthúil a fhostaithe a lán-chothú, mainneachtain aon cheann de na cionta, agus gach ceann díobh, a nochtadh agus mainneachtain nochtadh iomlán, macánta agus fírinneach a sholáthar ar an bhfianaise agus eolas ar fad is eol dó nó di, nó atá ar fáil dó nó di, nó atá faoina rialú.

## G. NOCHTADH FAISNÉISE

31. Ní dhéanfar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil de bhun an chláir seo a nochtadh ach amháin de réir na ngnáthchleachtas agus na ngnáthnósanna imeachta a bhaineann le himscrúduithe coireachta agus ionchúisimh. Go sonrach, féadfar faisnéis a nochtadh:

    a) I gcás go ndéanann an t-iarratasóir faisnéis a nochtadh go poiblí;

    b) I gcás go n-éilítear nochtadh faisnéise de réir dlí;

    c) I gcás go bhfuil nochtadh faisnéise chun críche riaradh agus forghníomhú an Achta;

    d) I gcás go mbíonn gá le nochtadh faisnéise chun cion coiriúil a chosc; agus/nó,

    e) I gcás go ndéantar nochtadh faisnéise le linn imscrúdaithe nó imeachtaí ina dhiaidh sin.